Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6784/22**

**POLCOM 7**
**COMER 26**
**WTO 32**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 74 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Athbhreithniú ar raon feidhme Rialachán Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 74 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 74 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.3.2022
COM(2022) 74 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Athbhreithniú ar raon feidhme Rialachán Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Athbhreithniú ar raon feidhme Rialachán Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014**

## 1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (dá ngairtear an 'Rialachán maidir le Forfheidhmiú' anseo feasta), déantar foráil maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta chun cearta an Aontais faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta a fheidhmiú go héifeachtach agus go tráthúil, chun leasanna eacnamaíocha an Aontais a chosaint[1]. In 2021 tugadh raon feidhme an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú cothrom le dáta chun foráil a dhéanamh maidir le tuilleadh deiseanna do ghníomhaíocht de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ann cheana, agus chun éifeachtacht agus comhsheasmhacht an Rialacháin a fheabhsú[2].

Faoi láthair cuireann an Rialachán maidir le Forfheidhmiú ar chumas an Aontais lamháltais nó oibleagáidí eile a chur ar fionraí nó a aistarraingt faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) agus faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta eile de chuid an Aontais sna cásanna seo a leanas:

- chun cearta an Aontais a fhorfheidhmiú faoi chomhaontú trádála i gcás ina sáróidh tríú tír an comhaontú sin tar éis toradh fabhrach don Aontas i ndíospóid trádála nó i gcás nach n-éiríonn le hiarracht an Aontais díospóid trádála a réiteach go ceangailteach ar chúiseanna nach bhfuil faoi fhreagracht an Aontais; agus
- chun oibleagáidí an Aontais faoi chomhaontú trádála agus i gcomhréir leis a athchothromú, nuair a thugann tríú tíortha beart cosanta isteach nó nuair a mhodhnaítear go haontaobhach lamháltais tairife nó gealltanais seirbhísí as a dtairbhíonn an tAontas.

Leis an Rialachán maidir le Forfheidhmiú tugtar de chumhacht don Choimisiún bearta beartais tráchtála a ghlacadh, a mhodhnú, a chur ar fionraí agus a aisghairm sna himthosca sin. Roimh an leasú a rinneadh le déanaí ar an Rialachán maidir le Forfheidhmiú, is bearta a bhaineann le trádáil in earraí agus le rochtain ar sholáthar poiblí amháin a bhí sna bearta beartais tráchtála a d'fhéadfaí a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Le leasú 2021, leathnaíodh na féidearthachtaí sin ionas go n-áireofaí bearta maidir le trádáil i seirbhísí agus gnéithe áirithe a bhaineann le trádáil de chearta maoine intleachtúla. Achtaíonn an Coimisiún rialacháin cur chun feidhme tar éis an nós imeachta scrúdúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, cleachtadh bailithe faisnéise le geallsealbhóirí ábhartha.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 645/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50).

[2] Rialachán (AE) 2021/167 ó Pharlaimint an hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú (IO L 49, 12.2.2021, lch. 1).

## 2. CEANGLAS ATHBHREITHNITHE

Foráiltear le hAirteagal 10 den Rialachán maidir le Forfheidhmiú go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin, ag cur san áireamh go háirithe na bearta beartais tráchtála a d'fhéadfaí a ghlacadh, chomh maith lena chur chun feidhme. Ba cheart don athbhreithniú díriú freisin ar bhearta breise beartais tráchtála lena bhfionraítear lamháltais nó oibleagáidí eile i réimse na ngnéithe a bhaineann le trádáil de chearta maoine intleachtúla.

Déanfar an t-athbhreithniú tráth nach déanaí ná bliain tar éis an 13 Feabhra 2021 agus cuirfidh an Coimisiún a chuid torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Rinneadh na hathbhreithnithe roimhe seo ar an Rialachán in 2017 agus in 2019[3].

Cuimsíonn an tréimhse atá faoi réir an athbhreithnithe seo an tréimhse tar éis an athbhreithnithe is déanaí (2019), eadhon Nollaig 2019 go dtí seo. Maidir le leasú 2021, mairfidh an tréimhse athbhreithnithe ón 13 Feabhra 2021 (dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe) go dtí seo faoi seach.

## 3. ATHBHREITHNIÚ AR RAON FEIDHME, BEARTA BEARTAIS TRÁCHTÁLA AGUS CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN MAIDIR LE FORFHEIDHMIÚ

### 3.1. Raon feidhme an Rialacháin

In Airteagal 3 den Rialachán maidir le Forfheidhmiú leagtar amach na cásanna sonracha ina bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú agus ina bhféadfaidh an tAontas freagairt trí bhearta beartais tráchtála. Chuir leasú 2021 leis an raon feidhme bunaidh le cásanna breise, mar atá léirithe thíos.

#### *3.1.1. Airteagail 3(a) agus (b): Tar éis díospóid trádála a bhreithniú go ceangailteach i bhfabhar an Aontais*

Tá feidhm ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú i gcás ina ndearnadh breithniú ceangailteach ar an díospóid trádála mar thoradh ar nós imeachta um réiteach díospóide in EDT (*Airteagal 3(a)*) nó i ndáil le comhaontuithe trádála idirnáisiúnta eile (*Airteagal 3(b)*), agus eascraíonn ceart as maidir le forfheidhmiú an Aontais mar gheall ar neamh-chur chun feidhme an pháirtí chosanta. Dá bhrí sin, tá an Rialachán maidir le Forfheidhmiú infheidhme tar éis do dhíospóid a bheith ina cheangal ar réiteach i bhfabhar an Aontais.

Sa tréimhse atá faoi réir athbhreithnithe, baineadh úsáid as an Rialachán maidir le Forfheidhmiú aon uair amháin i gcás den sórt sin. In 2020, thug an tAontas bearta beartais tráchtála isteach maidir le hallmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, mar ghníomh forfheidhmiúcháin i ndáil leis an díospóid a breithníodh san

[3] Tuarascáil ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Athbhreithniú ar raon feidhme Rialachán Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014, COM/2019/639 final; Tuarascáil ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Athbhreithniú tosaigh ar raon feidhme an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú, COM/2017/0373 final.

Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le fóirdheontais don mhonaróir aerárthaí Boeing[4]. Tugadh na bearta isteach tar éis ghlacadh na tuarascála ón gComhlacht Achomhairc i mí Aibreáin 2019, lenar deimhníodh neamhchomhlíonadh na Stát Aontaithe sa díospóid EDT agus eadráin EDT maidir le leibhéal na bhfrithbheart. Dheimhnigh an tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc go raibh fóirdheontais na Stát Aontaithe in aghaidh Boeing fós ag déanamh dochar suntasach do Airbus.

Chun críocha na frithbhearta a thabhairt isteach, chuir an Coimisiún cleachtadh bailithe faisnéise i gcrích faoin Rialachán maidir le Forfheidhmiú i dtaca le réamhliosta táirgí ó na Stáit Aontaithe a bhféadfadh an tAontas frithbhearta a ghlacadh ina leith[5].

I mí Iúil 2021 chuir an tAontas cur i bhfeidhm na mbeart forchurtha ar fionraí ar feadh tréimhse cúig bliana[6]. Leis an bhfionraí, tá sé beartaithe go mbeidh an dá thaobh in ann leanúint leis an bplé chun a bhfuil ar intinn acu a chur i ngníomh maidir le maoiniú, taighde agus maoiniú forbartha chomh maith le tacaíocht shonrach d'aerárthaí móra sibhialta[7].

Ba chúis mhór leis na forbairtí dearfacha sa chás sin é an Rialachán maidir le Forfheidhmiú a úsáid sa chás seo. Ní fhéadfaí cothromaíocht leordhóthanach agus cómhalartacht a athbhunú go dtí go ndearnadh bearta forfheidhmiúcháin an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe – a raibh bearta forfheidhmiúcháin forleathana curtha chun feidhme acu cheana féin i gcoinne an Aontais bunaithe ar dhíospóid Airbus EDT. Chruthaigh sé sin an timpeallacht cheart le haghaidh rannpháirtíocht chuiditheach ina dhiaidh sin agus an réiteach atá bainte amach anois.

Tá úsáid theoranta an Rialacháin ar na forais atá leagtha amach in Airteagal 3(a) agus (b) le linn na tréimhse athbhreithnithe inchurtha i leith céimeanna nós imeachta díospóidí trádála atá ar feitheamh. Is céim dhéanach í céim an fhorfheidhmithe i ndíospóid trádála, ceann nach mbaineann ach líon beag cásanna amach ós rud é go réitítear a bhformhór níos luaithe[8]. Ar an taobh eile, ní féidir a eisiamh go bhfuil éifeacht dhíspreagthach ar thríú tíortha ag baint leis an ionstraim, agus leis an bhféidearthacht cearta an Aontais a fheidhmiú dá réir sin, agus go ndéantar a leas i neamhchomhlíonadh a theorannú tar éis dlíthíocht rathúil i bhfabhar an Aontais, nó fiú i gcás nach gcomhlíonann siad a ngealltanais faoi chomhaontú trádála ar an gcéad dul síos.

---

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2020 maidir le bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí (IO L 373, 9.11.2020, lch. 1); Stáit Aontaithe Mheiriceá – Bearta a dhéanann difear don Trádáil in Aerárthaí Móra Sibhialta – An Dara Gearán (DS353).

5 Díospóid Boeing WTO: Eisíonn an tAontas réamhliosta de tháirgí na Stát Aontaithe arna meas le haghaidh frithbhearta; https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/fi/ip_19_2162

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1123 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, ar bearta iad a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí (IO L 243, 9.7.2021, lch. 43).

7 Glacann an tAontas agus SAM céim chinntitheach chun deireadh a chur le díospóid aerárthaí.

8 Féach forléargas ar chásanna réitithe díospóidí gníomhacha an Aontais an 10 Nollaig 2021, ar fáil ar shuíomh gréasáin AS TRADE.

### 3.1.2. *Airteagail 3(aa) agus (ba): I gcás ina gcuirtear bac ar dhíospóid trádála a réiteach*

Tugadh na forais sin isteach le leasú 2021. Tá siad cosúil leo siúd i bpointe 3.1.1 toisc go mbaineann siad le forfheidhmiú chearta an Aontais ar bhonn díospóidí trádála ach baineann siad go sonrach le bac a chur ar nós imeachta um réiteach díospóide.

Ceapadh an Rialachán maidir le Forfheidhmiú ar dtús ar an mbonn go bhfuil nós imeachta um réiteach díospóide lánfheidhmiúil i bhfeidhm, as a dtagann breithniú deiridh agus ceangailteach díospóide. Mar sin féin, i gcásanna nach gcomhoibreodh contrapháirt an Aontais i ndíospóid agus go gcuirfeadh sé cosc ar nós imeachta a mbeadh rialú ceangailteach agus in-fhorfheidhmithe mar thoradh air, níorbh fhéidir cuspóir an Rialacháin a bhaint amach, eadhon leasanna an Aontais a chosaint tríd na hionstraimí is gá a thabhairt don Aontas chun freagairt go héifeachtach agus go tapa do bhearta neamhdhleathacha tríú tíortha. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, mhol an Coimisiún nuashonrú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Forfheidhmiú, agus leasaíodh an Rialachán in 2021.

Is iad seo a leanas na dálaí sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm:

i. Maidir le díospóidí trádála EDT, tá feidhm ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú tar éis tuarascáil ó phainéal EDT a scaipeadh, agus seasamh leis na héilimh a rinne an tAontas, go hiomlán nó go páirteach, i gcás inar comhdaíodh achomharc faoi Airteagal 17 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóide, ach nach féidir é a chomhlánú toisc nach bhfuil an Comhlacht Achomhairc ag feidhmiú agus nach n-aontaíonn an tríú tír le headráin achomhairc eatramhach faoi Airteagal 25 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí.

   Ba é staid Chomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála nach bhfuil ag feidhmiú faoi láthair is cúis leis an leasú sin. Chomh maith leis sin, níl Comhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála i bhfeidhm faoi láthair toisc gur chuir na Stáit Aontaithe bac ar chomhaltaí nua den Chomhlacht Achomhairc a cheapadh. Ní féidir le Comhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála oibriú ar achomhairc a chomhdaítear ón 11 Nollaig 2019 i leith, ná níl sé ag obair níos mó ar achomhairc a comhdaíodh roimh ré ach nár tugadh chun críche go luath in 2020. Dá bhrí sin, is ann don staid, lena gceadaítear don Aontas gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh i ndíospóidí EDT a bhfuil bac curtha orthu ar achomharc, ach amháin má chomhaontaítear athbhreithniú achomhairc faoi Airteagal 25 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí.

   Cuireann an leasú cosaint ar fáil sa bhreis ar iarrachtaí leanúnacha an Aontais an ghéarchéim a réiteach. D’fhorbair an tAontas an Socrú Eatramhach Ilpháirtí, arb é is aidhm dó sásra achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála a mhacasamhlú a mhéid is féidir trí imeachtaí eadrána dá bhforáiltear faoi Airteagal 25 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí[9]. Leis an socrú, coinnítear go háirithe sásra ceangailteach dhá shraith maidir le réiteach díospóidí EDT, i measc gnéithe eile. Tháinig roinnt comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála isteach sa socrú, ar socrú é atá fós oscailte don chuid eile den bhallraíocht ar bhonn deonach, agus *ad hoc* freisin chun críocha díospóidí sonracha.

---

[9] Teacht i bhfeidhm an socraithe eatramhaigh achomhairc le haghaidh díospóidí EDT.

ii. A mhéid a bhaineann le díospóidí trádála faoi chomhaontuithe trádála eile de chuid an Aontais, tá feidhm ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú murar féidir breithniú a dhéanamh toisc nach bhfuil na bearta is gá á ndéanamh ag an tríú tír chun go bhfeidhmeoidh nós imeachta um réiteach díospóidí, lena n-áirítear moill mhíchuí a chur ar na himeachtaí arb ionann í agus neamh-chomhoibriú sa phróiseas.

    Sainaithníodh na rioscaí sin maidir le baic in athbhreithniú 2019 ar an Rialachán maidir le Forfheidhmiú. Mar shampla, i gcás nach gceapann an páirtí eile eadránaí agus nach leigheasann aon sásra cúltaca é sin, ní bheadh an tAontas in ann rialú ceangailteach a fháil ar féidir é a fhorfheidhmiú.

Níor tháinig aon chás den sórt sin chun cinn go hiomlán le linn na tréimhse athbhreithnithe (réasúnta gearr), rud a d'fhág go mbaintear úsáid as an Rialachán maidir le Forfheidhmiú arna leasú. Breathnaíodh ar úsáid na hionstraime leasaithe, áfach, i gcásanna áirithe, agus d'fhéadfadh sé gurbh é an deis a bhí ann an ionstraim leasaithe a úsáid an spreagadh ba ghá a thabhairt don tríú tír freagartha i dtrácht chun réiteach ceangailteach a cheadú ar an díospóid EDT.

I gcás díospóidí atá ar siúl faoi láthair, dá bhrí sin, is é is cúis leis an easpa cleachtais go bhfuil an Socrú Eatramhach Ilpháirtí ar fáil agus go bhfeidhmíonn sé agus i gcásanna eile go bhfuil na páirtithe in ann teacht ar chomhaontú, *ad hoc*, maidir le headráin achomhairc. Ina theannta sin, tá nasc arís idir an easpa cleachtais ghníomhaigh agus an chéim den nós imeachta atá ar feitheamh i ndíospóidí toisc go gcaithfidh díospóid teacht ar chéim áirithe chun go bhféadfadh feidhm a bheith ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú.

#### *3.1.3. Airteagal 3(c): Bearta a athchothromú mar fhreagairt ar chosaint tríú tír*

An cás eile ina bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le Forfheidhmiú, cumhdaíonn sé bearta athchothromaithe nuair a fhorchuireann tríú tír beart cosanta agus nuair a thugann Comhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta (Airteagal 8) nó rialacha maidir le coimircí i gcomhaontuithe eile de chuid an Aontais ceart athchothromaithe don Aontas.

Baineadh úsáid as an Rialachán maidir le Forfheidhmiú faoi dhó ar an iomlán chun na críche sin, lena n-áirítear uair amháin le linn na tréimhse athbhreithnithe. Baineann an chéad chás le freagairt an Aontais ar na dleachtanna allmhairiúcháin ar chruach agus ar alúmanam a d'fhorchuir na Stáit Aontaithe in 2018[10]. Baineann an dara cás le freagairt chomhchosúil an Aontais do dhleachtanna allmhairiúcháin gaolmhara ar tháirgí díorthach cruach agus alúmanaim a thug na Stáit Aontaithe isteach in 2020[11]. Sa dá chás, thug an tAontas bearta athchothromaithe isteach i bhfoirm taraifí allmhairiúcháin breise ar roinnt táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe. De réir an nós imeachta, thóg glacadh na

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 122, 17.5.2018, lch. 14) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO L 158, 21.6.2018, lch. 5).

[11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/502 ón gCoimisiún an Dé Luain 6 Aibreán 2020 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 109, 7.4.2020, lch. 10).

ngníomhartha cur chun feidhme lena bhforchuirtear bearta athchothromaithe thart ar dhá mhí ar an gcéad dul síos, agus mí ar an dara dul síos, i gcomhréir le spriocdhátaí Chomhaontú EDT.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, cuireadh an Rialachán maidir le Forfheidhmiú i bhfeidhm níos déanaí d'fhonn na bearta athchothromaithe sin a chur ar fionraí dhá uair in 2021[12]. Leis an bhfionraí cuireadh na coinníollacha is gá ar fáil don Aontas agus do na Stáit Aontaithe chun a gcomhar leanúnach a chur ar aghaidh, lena n-áirítear d'fhonn deireadh a chur leis na taraifí faoi seach[13]. Faoi láthair, ní chuirtear na bearta athchothromaithe i bhfeidhm.

Chinntigh an Rialachán maidir le Forfheidhmiú go raibh an tAontas in ann freagairt go tapa do bhearta cosanta na Stát Aontaithe agus leasanna eacnamaíocha an Aontais a chosaint dhá iarracht thábhachtacha. Ina theannta sin, bhí ról ag freagairt an Aontais sna hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an cheist bhunúsach a réiteach. Bhí cur ar fionraí na mbeart gníomhach athchothromaithe ríthábhachtach chun taraifí na Stát Aontaithe a dhíothú. Dá bhrí sin, is féidir a bhaint de thátal as go raibh an Rialachán maidir le Forfheidhmiú fíor-riachtanach agus gur uirlis shuntasach é don Aontas chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar tharaifí cruach agus alúmanaim na Stát Aontaithe.

### *3.1.4. Airteagal 3(d): Lamháltais nó ceangaltais a mhodhnú*

Maidir leis an gcás deiridh ina bhféadfar an Rialachán maidir le Forfheidhmiú a úsáid, is i gcásanna ina ndéanfaidh comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála modhnú aontaobhach ar lamháltais faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (GATT 1994) nó i gcás gealltanais faoi Airteagal XXI den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS), i gcás nár comhaontaíodh aon choigeartuithe cúiteacha maidir le hearraí, agus i gcás nach ndéantar coigeartuithe cúiteacha i gcomhréir le torthaí na headrána de bhun Airteagal XXI de GATS, maidir le seirbhísí.

Ar dtús, ní raibh an Rialachán maidir le Forfheidmiú infheidhme ach amháin i gcásanna a bhaineann le hAirteagal XXVIII de GATS 1994. Chuir leasú 2021 leis an bhforáil le cásanna a bhaineann le hAirteagal XXI de GATS. Tá an méid sin loighciúil agus tá údar leis mar gheall ar na cosúlachtaí idir an dá chineál cásanna.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, níor tharla aon chás den sórt sin. Níor léiríodh ach oiread go raibh sé beartaithe ag comhalta áirithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála lamháltais nó gealltanais a mhodhnú gan dul i mbun caibidlíochta maidir le coigeartuithe cúiteacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeacht dhíspreagthach ag an Rialachán toisc nach bhfuil ann ach a léiriú go bhfuil an tAontas toilteanach agus trealmhaithe chun leas éifeachtach a bhaint as a chearta athchothromaithe faoi na forálacha sin.

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/866 ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 (IO L 190, 31.5.2021, lch. 94–95). Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2083 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2021 lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus (AE) 2020/502 (IO L 426, 29.11.2021, lch. 41).

[13] Ráiteas Comhpháirteach AE-SAM an 31 Deireadh Fómhair 2021; Ráiteas ón Aontas Eorpach an 31 Deireadh Fómhair 2021;

### 3.2. Bearta beartais tráchtála

Liostaítear in Airteagal 5 den Rialachán Forfheidhmiúcháin na bearta féideartha maidir le beartas tráchtála a fhéadfaidh an tAontas a úsáid sna cásanna a shainaithnítear i bpointe 3.1. Ar dtús, tá na nithe seo a leanas ar fáil sa liosta:

(a) *Airteagal 5(1)(a): lamháltais taraife a chur ar fionraí agus dleachtanna custaim nua nó méadaithe a fhorchur*;

(b) *Airteagal 5(1)(b): srianta cainníochtúla ar allmhairí nó onnmhairí earraí a thabhairt isteach nó a mhéadú*; agus

(c) *Airteagal 5(1)(c): lamháltais a fhionraí i réimse an tsoláthair phoiblí*.

Leathnaigh leasú 2021 an liosta chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) *Airteagal 5(1)(ba): oibleagáidí a fhionraí i ndáil le trádáil i seirbhísí agus srianta a fhorchur ar thrádáil i seirbhísí*; tá sé sin faoi réir tosaíochtaí éigeantacha/ordlathas céimeanna. Bheadh ar an gCoimisiún dul trí gach catagóir agus bhain sé de thátal as nach féidir bearta a dhéanamh sula n-aistreofaí go dtí an chéad chatagóir eile iad. Is é an chéad chatagóir na seirbhísí sin ina bhfuil údarú ar leibhéal an Aontais. Is é an dara ceann cásanna ina bhfuil reachtaíocht chuimsitheach de chuid an Aontais. Is é an tríú ceann cásanna inar léirigh an cleachtadh bailithe faisnéise gur cuireadh isteach ar an mbealach is lú ar reachtaíocht náisiúnta.

(b) *Airteagal 5(1)(bb): oibleagáidí a fhionraí i ndáil le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil arna ndeonú ag institiúid nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus atá bailí ar fud an Aontais, agus srianta a fhorchur ar chosaint na gceart maoine intleachtúla sin nó ar shaothrú tráchtála na gceart maoine intleachtúla sin, i ndáil le sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh iad den tríú tír lena mbaineann*. Baineann an réimse seo féidearthachtaí den chuid is mó leis an gcéad chéim ordlathach is infheidhme maidir le seirbhísí.

A bhuí le bearta a bhaineann le seirbhísí agus cearta maoine intleachtúla a bheith ar fáil ó mhí Feabhra 2021 i leith, tá feabhas suntasach tagtha ar an ionstraim agus cuireann sé leis an gcumas atá ag an Aontas a chearta faoi chomhaontuithe trádála a fhorfheidhmiú ar roinnt bealaí:

- fágann sé go mbeidh an ionstraim forfheidhmiúcháin níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí éifeacht thábhachtach dhíspreagthach a bheith aici ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha tríú tíortha;
- freagraíonn sé do riachtanais na ngeilleagar nua-aimseartha agus eolasbhunaithe;
- tá sé ag teacht le suntasacht na seirbhísí agus na gceart maoine intleachtúla sa trádáil idirnáisiúnta;
- fágann sé go bhfuil an tAontas inchreidte nuair a fhéachann sé le cosaint a chaibidliú do shealbhóirí cirt thar lear;
- léiríonn sé go bhfuil an tAontas meáite ar na cearta atá aige faoi chomhaontuithe trádála a fheidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear trí

fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fhorfheidhmiú na n-oibleagáidí trí thras-aithris.

Bhí bearta beartais tráchtála i bhfoirm dleachtanna custaim breise ar allmhairí earraí isteach san Aontas i gceist i ngach ceann de thrí chás chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Forfheidmiú san iomlán, lena n-áirítear le linn na tréimhse athbhreithnithe. Bhí na bearta comhréireach agus comhchuimseach leis an díobháil a rinne bearta comhfhreagracha an tríú tír (na Stáit Aontaithe sa chás seo). Is léir go raibh éifeacht le húsáid dleachtanna ar allmhairí maidir le praghas a fhorchur ar gheilleagar na Stát Aontaithe agus ba thoisc é a spreag é, le himeacht ama, chun a bhearta a athrú. Mar thoradh air sin, tá gach beart faoin Rialachán maidir le Forfheidhmiú curtha ar fionraí faoi láthair toisc nach bhfuil bearta na Stát Aontaithe á gcur i bhfeidhm mar a bhí roimhe seo.

Níor úsáideadh aon cheann de na féidearthachtaí eile faoi Airteagal 5 le linn na tréimhse athbhreithnithe. Is é is cúis leis sin, i bpáirt, an tréimhse sách gearr i ndiaidh leasú 2021 lenar tugadh isteach na féidearthachtaí breise. Ina theannta sin, mar a luadh, bhí úsáid dleachtanna ar allmhairí ar earraí éifeachtach. Ag an am céanna, níor tháinig ceist na tras-aithrise chun cinn[14] le linn na tréimhse athbhreithnithe, rud a d'fhéadfadh breithniú a dhéanamh ar fhrithbhearta seachas earraí, amhail i réimse na trádála i seirbhísí nó i réimse na gceart maoine intleachtúla. I gcás Boeing, ba le hearraí faoi Chomhaontú EDT a bhain na bearta de chuid na Stát Aontaithe a spreag frithbhearta an Aontais agus bhí an tAontas in ann freagairt go héifeachtach trí bhearta earraí. I gcásanna cosanta EDT, ní cheadófaí dó freagairt trí bhearta eile seachas na bearta sin a rinneadh ar earraí de thoradh oibleagáidí faoi Chomhaontú Ginearálta na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Tharaifí agus Trádáil a bheith curtha ar fionraí. Dá bhrí sin, níl tástáil déanta fós ar na féidearthachtaí atá fágtha faoi Airteagal 5 den Rialachán Forfheidhmiúcháin maidir le Forfheidhmiú ach tá siad ar fáil lena n-úsáid amach anseo.

***Leathnú breise na mbeart i réimse na ngnéithe a bhaineann le trádáil de chearta maoine intleachtúla***

Is féidir a mheas gur suntasach é raon feidhme na mbeart a d'fhéadfadh a bheith i réimse na ngnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil a leathnú in 2021 mar phrionsabal, ach tá sé teoranta go pointe áirithe. Déantar foráil ann maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i bhfoirm srianta ar chosaint nó ar shaothrú tráchtála ceart maoine intleachtúla arna ndeonú ag institiúid nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus atá bailí ar fud an Aontais, maidir le sealbhóirí cirt ar náisiúnaigh den tríú tír lena mbaineann iad. Freagraíonn an raon feidhme seo den chuid is mó don chéad chéim d'ordlathas na gcéimeanna is infheidhme maidir leis na bearta i dtrádáil seirbhísí. Go praiticiúil, d'fhéadfadh feidhm a bheith aige faoi láthair maidir le tásca geografacha, trádmharcanna an Aontais, dearaí an Aontais agus cineálacha plandaí. Ní dhéantar foráil ann maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin i bhfoirm beart a dhéanann difear do phaitinní agus do chóipcheart, mar shampla.

Is é measúnú reatha an Choimisiúin nach bhfuil aon bhac dlíthiúil ná teicniúil ar shíneadh breise, agus go mbeadh sé tairbheach i gcoitinne síneadh a chur leis. Mhéadódh sé éifeachtacht agus inchreidteacht na hionstraime forfheidhmiúcháin mar chuirfeadh sé leis na cásanna ina mbeadh an tAontas in ann a chearta a fhorfheidhmiú go héifeachtach nuair a sháraíonn tríú tír cosaint maoine intleachtúla a chumhdaítear i gcomhaontú de

14 Airteagal 22 de Chomhaontú EDT um Réiteach Díospóidí.

chuid an Aontais agus foráiltear cheana féin don fhéidearthacht gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh mar ábhar dlí idirnáisiúnta. Spreagfadh sé a thuilleadh comhlíonadh an tríú tír i gcás ina sáraíonn an tríú tír sin an chosaint chomhaontaithe.

Ina theannta sin, tríd is tríd, bhí geallsealbhóirí dearfach maidir le bearta a théann thar raon feidhme reatha an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú. I gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún maidir le hionstraim frith-chomhraic,[15] iarradh go sonrach ar gheallsealbhóirí tuilleadh beart a dhéanamh i réimse na ngnéithe a bhaineann le trádáil de chearta maoine intleachtúla. Cé gur léirigh siad íogaireachtaí (a bhaineann le damáiste comhthaobhachta do ghnó an Aontais), d'aithin siad freisin tairbhí féideartha (éifeachtacht mhéadaithe agus inchreidteacht mhéadaithe).

Fágann an Coimisiún an fhéidearthacht ann togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán maidir le Forfheidhmiú a thabhairt cothrom le dáta sa mhéid seo agus, b'fhéidir, i ngnéithe eile amach anseo. Ag an gcéim seo, ní mheastar gur tráthúil togra reachtach ós rud é gur le déanaí a rinneadh an leasú deireanach ar an Rialachán.

Maidir leis an togra le déanaí le haghaidh ionstraim frith-chomhraic chomh maith leis an ngníomh reachtach sonrach a gheall an Coimisiún a mholadh don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe a fhorfheidhmiú, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha maidir le síneadh breise a chur leis an Rialachán maidir le Forfheidhmiú amach anseo.

Ag an am céanna, measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach leanúint d'fhaireachán agus d'athbhreithniú a dhéanamh ar raon na mbeart atá ar fáil agus ar a bhfóntas. Ba cheart athbhreithniú den sórt sin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht de chuid an Aontais um réiteach díospóidí, ar chur i bhfeidhm amach anseo, agus ar fhorbairtí eile a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar éifeachtacht an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú sa chomhthéacs níos leithne.

### 3.3. Cur chun feidhme

Is léir gur ionstraim é an Rialachán atá oiriúnach agus sách solúbtha ó thaobh próisis de. Thug sé deis don Aontas freagairt thráthúil iomchuí a thabhairt nuair a baineadh úsáid as. Chuir sé ar chumas an Aontais freagairt faoi na spriocanna dochta maidir le cearta athchothromúcháin a bhunú agus a fheidhmiú faoi Chomhaontú EDT, in 2018 agus 2020. Thacaigh sé freisin le gníomhaíocht thapa éifeachtúil i gcás ina raibh údar leis sin mar gheall ar phráinn an ábhair maidir le bearta leanúnacha beartais tráchtála a chur ar fionraí (faoi dhó in 2021).

## 4. Conclúid

Níor baineadh úsáid as an Rialachán maidir le Forfheidhmiú ach cúpla uair go dtí seo, chun bearta a thabhairt isteach mar fhreagairt ar choimircí agus ar mhaithe le forfheidhmiú, chomh maith le bearta den sórt sin a chur ar fionraí. Chomhlíon sé a chuspóirí maidir le leasanna eacnamaíocha an Aontais a chosaint agus chruthaigh sé gur ionstraim fhíor-riachtanach agus oiriúnach é chun freagairt do ghníomhaíochtaí tríú tíortha sna himthosca sonracha. Fiú más úsáid theoranta atá bainte as, tá sé léirithe aici go

[15] Torthaí mionsonraithe an chomhairliúcháin phoiblí; I dtreo ionstraim frith-chomhraic de chuid an Aontais;

bhfuil an tAontas in ann gníomhú go tapa, go héifeachtach agus go diongbháilte agus torthaí dearfacha a bhaint amach. Measann an Coimisiún, thar chur i bhfeidhm teoranta an Rialacháin i gcásanna sonracha go dtí seo, go bhfuil tionchar dearfach agus éifeacht dhíspreagthach ag ionstraim fhorghníomhaithe a bheith ann. Tugann sé comhartha soiléir ar chumas an Aontais a chearta a chur i bhfeidhm go héifeachtach faoi chomhaontuithe trádála nó i gcás ina sárófar na cearta sin. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, nach gá an ionstraim a úsáid go minic chun a shuíomh go bhfuil tionchar aici ós rud é go bhfuil toradh cheana féin ar an mbagairt í a úsáid.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar úsáid agus ar fhóntas iomlán an Rialacháin maidir le Forfheidhmiú. Fágann sé go bhféadfaí nuashonrú breise a dhéanamh ar na bearta beartais tráchtála atá ar fáil nó ar na cásanna a d'fhéadfadh a gcur i bhfeidhm a spreagadh.